Polasaí Obair Bhaile *Homework Policy*

"Ba cheart breathnú ar obair bhaile mar athneartú, mar tugann se deis chun eispéireis a thosóidh sa seomra ranga a leathnú…… cothaíonn sé scileanna eagraithe agus cumas dul i mbun oibre go neamhspleách…… Cothaíonn obair bhaile caidreamh idir scoil agus baile".

"Homework should be seen as reinforcement, as it offers an opportunity to widen experiences begun in the classroom…… it encourages organisational skills and the ability to work independently…… Homework creates a link between home and school".

Curaclam na Bunscoile 1999 *(Primary School Curriculum 1999)*

Réamhrá *Introduction*

Cuireadh an polasaí seo le chéile trí phróiséas comhoibrithe idir foireann múinteoireachta na scoile, an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. Cuireadh le chéile é chun eolas a thabhairt faoi chúrsaí Obair Bhaile i gcomhthéacs Gaelscoil an Chuilinn.

- *This policy was formulated through a process of collaboration between the teaching staff of the school, an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. It was created in order to provide information regarding homework in the context of Gaelscoil an Chuilinn.*

Dá mba rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.

- *Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.*

Sainmheon na scoile *School Ethos*

Mar chuid de bhunaidhmeanna na scoile, tá sé tábhachtach dúinn go mbeadh cumas an pháiste aonair á fhorbairt trí réimsí eágsúla foghlama. Forbraíonn obair bhaile neamhspleáchas an pháiste, chomh maith leis an tuiscint go bhfuil siad freagrach as a gcuid oibre féin.

As one of the aims of the school, it is important that the children develop their individual abilities through a range of learning experiences. Homework helps to develop the child's independence along with the understanding that they are responsible for their own work.

Aidhmeanna *Aims*

Seo a leanas na haidhmeanna i leith obair bhaile i nGaelscoil an Chuilinn.

- Scileanna agus féin-smacht a fhorbairt mar thairbhe d'fhoghlaim daltaí
- An obair a dhéantar sa rang a dhaingniú – tugann sé deis athbhreithnithe agus cleachtadh.
- Scileanna staidéir a fhorbairt chun cabhrú le nósanna cuí a thabhairt do pháistí agus iad ag gabháil don obair bhaile.
- Cur chuige comhchosúil a chur chun cinn maidir le hobair bhaile na ranganna uile.
- Páistí a spreagadh chun a bheith neamhspleách ina bhfoghlaim, dul siar, ath-neartú agus obair a chríochnú a thosaigh siad ar scoil.
- Na ceangail idir an baile agus an scoil a threisiú

Gaelscoil an Chuilinn hopes to achieve the following by introducing this policy:

- *To develop skills and self discipline that will be of benefit to children in order to enhance learning*
- *To reinforce work done in class – it allows for revision and practice*
- *To develop study skills and to assist in establishing an appropriate routine for children in doing their homework*
- *To promote consistency and a similar approach to homework across all classes*
- *To encourage children to become independent learners and to revise, reinforce, finish work that has begun in school.*
- *To strengthen links and communication between home and school*

Treoirlínte *Guidelines*

Méid ama a mholtar caitheamh ar Obair Bhaile go laethúil
Recommended daily time allocated to Homework

- **Naíonáin Shóisir (ó Théarma 2)** **0 - 10 nóiméid (from Term 2 onwards)**
- **Naíonáin Shinsir:** **0 - 15 nóiméid**
- **Rang 1 & 2** **15 - 30 nóiméid**
- **Rang 3 & 4** **30 - 45 nóiméid**
- **Rang 5 & 6** **45 - 60 nóiméid**

Seo a leanas an t-uas mhéid ama a mholtar do pháiste a chaitheamh ar an obair bhaile. Tuigtear ó na treoirlínte seo gur dian staidéar ama atá i gceist anseo gan cur isteach. Tugtar treoir do na tuismitheoirí stop a chur leis an obair bhaile má théann siad 15 nóiméad thar an uas mhéid am atá molta agus déanfaidh an tuismitheoir nóta a scríobh sa chóipleabhar obair bhaile. Má tharlaíonn sé seo ró-mhinic beidh ar an tuismitheoir é a phlé leis an múinteoir ranga.

- *The allocations listed above are the general guidelines and suggested time allocation given to each class. This time allocation is given in relation to uninterrupted concentrated work. Parents should cease homework if it goes 15 minutes beyond the recommended time. Parents can write an explanatory note to the teacher. If this happens regularly parents should meet the teacher to discuss the difficulty*

Scríbhneoireacht
Beidh obair bhaile scríofa suimiúil i gconaí e.g. Scéalta / dánta / ceisteanna / ceisteanna a chumadh / tús, lar nó deireadh difriúil ar scéalta / dán / giota don nuachtán/drama / sceitse / biachlár/díospóireacht / scéal in ord / litir/ dialann / cleachtadh ar litriú agus fóneolaíocht.

Leitheoireacht
Is cuid lárnach d'fhoghlaim an pháiste agus de dhul chun cinn an pháiste forbairt scil na leitheoireachta agus a bheith in ann tuiscint agus rudaí atá leite a phlé. Mar sin beidh sé mar chuid lárnach den obair bhaile gach oíche.

Táblaí
Déanfar as Gaeilge i gconaí iad. Nuair a bhíónn deacracht ag daltaí le táblaí múinfear straisteisí eile dóibh chun iad a fhoghlaim.

Nótaí
- ✓ Déanfaidh an múinteoir (i gcomhair leis an múinteoir tacaíochta foghlama má tá ceann i gceist) cinneadh maidir leis an líon obair bhaile a fhaigheann gach páiste ag tógáil

riachtanaisí speisialta san áireamh i ngach cás. Chomh maith leis sin beidh an múinteoir ag súil le caighdeán éagsúla ón rang má tá an obair céanna ar siúl acu.

- ✓ Beidh cothromaíocht idir obair ó bhéil, leitheoireacht agus scríbhneoireacht. Beidh tascanna tionscnaimh, taighde, bailiú fhiricí agus obair láimhseala i gceist.
- ✓ Má tá deis ann stíleanna foghlama il-éirime a fhorbairt san obair bhaile déanfar é seo i gcónaí.
- ✓ Is dul siar é an obair bhaile ar an obair a déanadh sa rang.
- ✓ Mineoidh an múínteoir an obair bhaile agus freagróidh sí/sé aon cheist a bheidh ag aon páiste.
- ✓ Déanfaidh an múinteoir cinneadh ar cén t-am a scríofar síos an obair bhaile.
- ✓ Faightear obair bhaile ceithre oíche (Luan go Déardaoin)
- ✓ Beidh eisceachtaí i gceist mar chuid den smacht chun foghlama agus nuair a bhíonn imeachtaí difriúla ar siúl sa scoil.
- ✓ Déanfar iarracht obair bhaile praicticiúil nó ó bhéal a thabhairt do pháistí ar oíche Déardaoin.
- ✓ Ó am go chéile bheadh tionscnaimh le críochnú ag an deireadh seachtaine ag páistí sna ranganna sinsearacha.
- ✓ Muna ndéantar an obair bhaile i rith na seachtaine, d'fhéadfaí go n-iarrfar ar an bpáiste í a dhéanamh an oíche dár gcionn nó ag an deireadh seachtaine.

Writing

Writing for homework will be varied and interesting e.g. Stories / poems / answering questions / composing questions / different beginnings, middle or endings to story/poem/newspaper article/drama/sketch/menu/debate/story in chronological order/ letter/ diary/ practice on spellings / phonics learned in school etc.

Reading

We regard the acquisition of reading skills and the ability to comprehend and discuss what has been read central to learning in this school. Therefore reading shall be part of homework every night.

Tables

Tables will always be learnt in Irish. When children have difficulties with tables they will be given alternative strategies to learn tables.

Nótaí

- ✓ *Provision shall be made for children with special needs. The class teacher shall assign work to children with SEN in conjunction with the Learning support teacher. The teacher will expect different standards from different children.*

- ✓ *There will be a balance between oral, reading and written work. Tasks will be varied between projects, research, hands-on activities, gathering data etc.*
- ✓ *Multiple intelligences shall always be taken into account when assigning homework.*
- ✓ *Homework seen as reinforcement of work done in class.*

- ✓ *The assigned homework will be properly explained to children in advance and children shall be given a chance to ask questions about it.*
- ✓ *The teacher shall decide on a time to write homework down each day.*
- ✓ *Homework is given each night Monday to Thursday. There will be exceptions – birthdays, weekends, special occasions, and when children earn a reward of free homework in our code of behaviour.*
- ✓ *Teachers will endeavor to give oral and/or practical homework on Thursdays.*
- ✓ *Occasionally, children in senior classes may have some project work to complete at weekends. If homework is not completed during the week, the child may be requested to complete it the following night or at the weekend.*

Rólanna agus Freagrachtaí *Roles and Responsibilities*

A. Páistí *Pupils*

- Freagracht as a gcuid obair bhaile féin a scríobh síos (ó Rang a hAon ar aghaidh),
- Freagracht as na leabhair cuí a thabhairt abhaile,
- A d(h)ícheall a dhéanamh lena c(h)uid oibre,
- Obair shlachtmhar a dhéanamh,
- Cur in iúl dá t(h)uismitheoirí nó don mhúinteoir, má tá deacracht acu lena c(h)uid oibre.

- *Take responsibility for writing down homework (from 1st Class onwards),*
- *Take responsibility for ensuring (s)he has the correct books,*
- *Ensure homework is completed to the best of his/her ability,*
- *Present work neatly,*
- *Inform parent or teacher if (s)he has had difficulty with the homework.*

B. Tuismitheoirí/caomhnóirí *Parents / Guardians*

- Dearcadh dearfach a chruthú maidir le obair bhaile,
- Neamhspleáchas a chothú agus a bhuanú leis an obair bhaile,
- Am agus áit cuí a shocrú don pháiste an obair bhaile a dhéanamh,
- An obair bhaile a sheiceáil nuair atá sé críochnaithe,
- An leathanach sa dialann scoile a shíniú,
- Cur in iúl don mhúinteoir muna bhfuil an obair bhaile déanta agus an fáth nach bhfuil,
- Cur in iúl don mhúinteoir má tá deacracht ag an bpáiste leis an obair bhaile.

- *Foster a positive attitude towards homework,*
- *Encourage and promote independent work,*
- *Ensure an appropriate time and place is provided for uninterrupted homework to be completed,*
- *Check the homework once it is completed,*

- *Sign the homework journal,*
- *Inform the class teacher if homework is incomplete and explaining why,*
- *Inform the class teacher if the child is having difficulty with any part of the homework.*

C. Múinteoirí ***Teachers***

- Obair bhaile a leagan síos go laethiúil a chinntíonn dul siar na bpáistí ar a gcuid oibre.
- Cinntiú go bhfuil obairbhaile éagsúil agus dushlánach socruithe do na páistí.
- Cinntiú go bhfuil obair bhaile praicticiúil ag na páistí ó am go chéile.
- Cinntiú go bhfuil obair bhaile ceartaithe.
- An dialann obair bhaile a sheiceáil gach lá más féidir.
- Monatóireacht a dhéanamh ar obair bhaile na bpáistí agus idirdhealú a dhéanamh más gá, ag freastal ar réimsí cumais na bpáistí,
- Moltar iarracht chomh maith le ghnóthachtáil le realta, nótaí, cártaí molta etc.
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí (tríd an dialann obair bhaile) muna ndéantar an obair bhaile.
- Teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhoide muna ndéantar obair bhaile go rialta.
- Is féidir leis an múinteoir pas obair bhaile a thabhairt mar chuid dá c(h)oras molta ranga. Ní bheidh ach léitheoireacht, litriú agus táblaí acu an oíche sin.
- Is féidir leis an múinteoir obair neamhchríochnaithe nó obair bhaile bhreise a thabhairt de bharr easpa oibre nó mí-iompar ar scoil. (féach Cód Iompar)

- *To set suitable homework daily to meet the revision requirements of the pupils.*
- *To ensure that homework is varied and challenging.*
- *To ensure to include practical activities in the homework given.*
- *To ensure that homework is corrected.*
- *To check the homework journal daily,*
- *Monitor children's homework and to differentiate, if necessary, taking into account the range of the children's abilities.*
- *Ensure that children's efforts will always be praised with cards stickers, notes etc.*
- *Inform parents (through the homework journal) if homework is incomplete,*
- *Inform the principal if homework is regularly incomplete.*
- *The teacher may present a homework pass to the children as part of his/her class reward system. They will only have reading, spellings and tables on the chosen night.*
- *The teacher may give the child incomplete work to finish at home or extra homework as a result of unwillingness to work or misbehaviour in school. (ref Behaviour Policy)*

D. Príomhoide ***Principal***

- An polasaí seo a thabhairt do mhúinteoirí nua sa scoil,
- Tuismitheoirí na scoile a chur ar an eolas faoin bpolasaí seo,

- Monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí obair bhaile sa scoil,
- Ar mholadh/iarraidh an múinteora, cúrsaí a phlé le páistí nach ndéanann obair bhaile nó nach ndéanann a d(h)ícheall go rialta. D'fhéadfadh gur gá labhairt le tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí seo chomh maith.

- *Provide new staff members with a copy of this policy,*
- *Ensure that all parents are made aware of the existence of this policy,*
- *Monitor homework-related issues in the school,*
- *On request/suggestion from the class teacher, address any concerns with the child who regularly presents incomplete work or work demonstrating poor effort. This may involve meeting/s with the parents/guardians concerned.*

Critéir Ráthúla *Success Criteria*

- Aischothú dearfach ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí
- Caighdeán sásúil obair bhaile na bpáistí
- *Positive feedback from teachers, parents and pupil,*
- *Satisfactory standards of homework being presented*

Athbhreithniú (*Review*)

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach triú bliain nó más gá níos minice.
This policy will be reviewed every third year or more frequent if required.

Daingniú agus Cumarsáid (*Ratification and Communication*)

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí ar an 20ú Samhain 2018.
Cuirfear cóip den pholasaí ar fáil do gach ball foirne agus do gach tuismitheoir nuair a dhaingnítear é. Déanfar tagairt don pholasaí seo i bhfillteán pleanála na múinteoirí, i bhfillteán eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí nua agusle feiceáil ar shuíomh idirlín na scoile.

This policy was updateded by the Board of Management on the 20th of November 2018.
A copy of the policy will be made available to each member of staff and each parent through the school website www.gsch.ie
Reference will be made to the policy in staff planning folders, information folder for new parents, and also available for viewing from our school website.

Sínithe: _____ Dáta: _____
Cathaoirleach